Parlaimint na hEorpa
2024-2029

An Coiste um Iascach

2025/2011(INI)

22.04.2025

DRÉACHT-TUARASCÁIL

ar chur chuige bainistithe iascaigh chun speicis íogaire a chosaint, dul i ngleic le speicis ionracha agus dul chun tairbhe do gheilleagair áitiúla
(2025/2011(INI))

An Coiste um Iascach

Rapóirtéir: André Rodrigues

ACHOIMRE

Leathanach

TAIRISCINT i gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA.....3

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN.....7

IARSCRÍBHINN: NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR.....9

TAIRISCINT i gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

maidir le cur chuige bainistithe iascaigh chun speicis íogaire a chosaint, dul i ngleic le speicis ionracha agus dul chun tairbhe do gheilleagair áitiúla
(2025/2011(INI))

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 43 de,

– ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh (CBI)[1],

– ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle an 20 Samhain 2009 lena mbunaítear córas rialaithe Comhphobail d'fhonn comhlíonadh rialacha an Chomhbheartais Iascaigh a áirithiú[2],

– Rialachán (AE) Uimh. 1143/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2014 maidir le tabhairt isteach agus leathadh speiceas coimhthíoch ionrach a chosc agus a bhainistiú[3] (Rialachán IAS).

– ag féachaint don Choinbhinsiún Idirnáisiúnta um Rialú agus Bainistiú Uisce Ballasta agus Dríodar Long,

– ag féachaint do Riail 55 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Iascach (A10-0000/2025),

A. de bhrí gur aithin AE le fada a thábhachtaí atá cur chuige inbhuanaithe iascaigh agus bainistithe iascaigh le linn an bhithéagsúlacht mhuirí a chaomhnú, speicis íogaire a chosaint, tacú le geilleagair áitiúla agus slándáil bia a áirithiú;

B. de bhrí go bhfuil speicis choimhthíocha ionracha (IAS) ar cheann de na nithe is cúis le cailliúint na bithéagsúlachta, go bhfuil tionchair dhiúltacha acu ar an iascach agus ar an dobharshaothrú, agus ar fheidhmeanna éiceachórais, agus gur féidir leo bheith díobhálach do shláinte an duine agus don bhithshlándáil;

C. de bhrí go bhfuil roinnt beart glactha ag AE chun leathadh IAS a mhapáil agus a chomhrac, go háirithe Rialachán IAS, lena mbunaítear liosta speiceas is ábhar imní don Aontas agus lena bhforfheidhmítear bearta rialaithe;

D. de bhrí go ndéanann an Líonra Eorpach um Fhaisnéis faoi Speicis Choimhthíocha (EASIN) faireachán faoi láthair ar 12423 speiceas coimhthíoch ar fud timpeallachtaí éagsúla, ar speicis mhuirí 1440 (11.6%) díobh; de bhrí, ó 2 019, go bhfuil 53% de chóstaí farraige na hEorpa faoi bhrú ó IAS, le héagsúlacht shuntasach réigiúnach —

[1] IO L 354, 28.12.2013, lch. 22, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/1380/oj.
[2] IO L 343, 22.12.2009, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2009/1224/oj.
[3] IO L 317, 4.11.2014, lch. 35, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2014/1143/oj.

33% i Muir Bhailt, 100% sa Mhuir Dhubh, 98% sa Mheánmhuir agus 25% san Aigéan Atlantach Thoir Thuaidh;

E. de bhrí gur príomhveicteoirí iad an t-athrú aeráide, go háirithe téamh na n-aigéan, agus gluaiseacht mhéadaithe earraí agus daoine chun IAS a thabhairt isteach agus gur féidir leo a dtionchar ar speicis íogaire, ar éiceachórais agus, dá bhrí sin, ar ghníomhaíochtaí iascaireachta a threisiú;

F. de bhrí gur gá gníomhaíocht láidir idirnáisiúnta chun dul i ngleic le IAS chomh maith; de bhrí go n-aithnítear leis an gCoinbhinsiún maidir leis an mBithéagsúlacht (CBD) gur saincheist thrasearnálach é IAS, agus go bhfuil sé mar aidhm ag Creat Domhanda Bithéagsúlachta Kunming-Montréal tabhairt isteach agus bunú IAS a laghdú 50% ar a laghad faoi 2030;

Speicis íogaire: táscairí athléimneachta aigéan

1. á thabhairt chun suntais go bhfuil ról uathúil ag speicis íogaire mar tháscairí ar stádas na n-éiceachóras muirí, agus ar na tairbhí comhshaoil, eacnamaíocha agus sóisialta a eascraíonn as a gcosaint agus as a gcaomhnú;

2. ag tathant ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit cuir chuige bainistithe iascaigh a chur chun cinn ina dtugtar tús áite do chaomhnú speiceas íogair, lena n-áirítear trí spriocanna AE maidir le limistéir mhuirí faoi chosaint a chur chun feidhme go cuí agus trí chosaint gnáthóg criticiúil a threisiú;

3. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit leas iomlán a bhaint as uirlisí CBI, go háirithe bearta teicniúla chun aghaidh a thabhairt ar idirghníomhaíochtaí iascaigh agus chun cosaint speiceas íogair a fheabhsú;

4. á mheabhrú a thábhachtaí atá na sonraí a bhailítear faoi CBI chun tionchar na n-iascach ar speicis íogaire a shainaithint i gceart;

5. á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá cosaint agus téarnamh speiceas íogair a threisiú i ngach togra dlíthiúil ábhartha, a théann thar na tograí sin a bhaineann go díreach le CBI;

Speicis ionracha: *bagairtí ar ár n-aigéan agus ar ár ngeilleagar*

6. á chur i bhfios go láidir gur bagairt é IAS don iascach agus don dobharshaothrú, don bhithéagsúlacht mhuirí dhúchasach agus d'éiceachórais mhuirí dhúchasacha, a fhearann ar ioncam iascairí agus ar phobail cósta mar sin;

7. á mheabhrú go ndéantar rialú docht ar 88 IAS san Aontas, lena n-áirítear 47 speiceas ainmhithe agus 41 speiceas plandaí is ábhar imní don Aontas;

8. á chur in iúl gurb oth léi nach n-aithnítear go hiomlán sa liosta reatha speiceas is ábhar imní don Aontas bagairt IAS ar iascach, ar dhobharshaothrú agus ar mhuirthimpeallacht AE – níl ach dhá speiceas mhuirí (*Plotosus lineatus* agus *Rugulopteryx okamurae*) ar an liosta faoi láthair; á iarraidh go bhfeabhsófaí é bunaithe ar chomhairle eolaíoch agus ar mheasúnuithe riosca cothrom le dáta;

9. á chur in iúl gurb oth léi an easpa clár faireacháin sonrach do IAS muirí, agus á iarraidh go mbeadh modhanna faireacháin feabhsaithe ann agus go ndéanfaí táscairí a chomhchuibhiú ar fud an Aontais agus go méadófaí an tacaíocht theicniúil agus airgeadais;

10. á mholadh go mbunófaí modheolaíocht agus luachanna chun tairseach a shocrú do réigiúin agus d'fhoréigiúin mhuirí uile na hEorpa, agus an tionchar ar iascaigh, inbhainistitheacht na gconairí agus an gá atá leis an gCoinbhinsiún um Bainistiú Uisce Ballasta a fhorfheidhmiú agus treoirlínte smálaithe cabhlach a chur i bhfeidhm á gcur san áireamh;

11. á thabhairt chun suntais na naisc fhéideartha idir IAS a tugadh isteach in éiceachórais talún agus fionnuisce agus iad siúd sna haigéin agus sna farraigí, agus a dtionchar ar iascach agus ar dhobharshaothrú; á iarraidh ar an gCoimisiún straitéis chuimsitheach a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist sin;

12. á chur i bhfáth gur dearbhthosaíocht é cur chuige iomlánaíoch, coisctheach agus ilveicteora i mbainistiú atá bunaithe ar chonairí chun dul i ngleic go héifeachtach le speicis choimhthíocha muirí; ag spreagadh na mBallstát úsáid an scanta ionchais agus na dteicnící núíosacha a mhéadú amhail eDNA, intleacht shaorga agus faireachán uathoibrithe, chomh maith le hiascairí, pobail chósta agus eolaíocht na saoránach mar uirlisí chun tosaíocht a thabhairt do IAS nua, éiritheach agus ardriosca don iascach agus don dobharshaothrú;

13. á iarraidh ar na Ballstáit cumarsáid, comhordú agus comhar a neartú chun bearta mearfhreagartha a chur chun feidhme chun IAS muirí a bhrath go luath agus a dhíothú go tapa, chomh maith le speicis atá leata go forleathan cheana féin a bhainistiú;

14. á chur i bhfios go láidir gur teophointe í an Mheánmhuir, go háirithe, ina bhfuil níos mó IAS ná aon fharraige eile ar domhan, agus go bhfuil tionchar suntasach aici ar earnálacha an iascaigh agus an dobharshaothraithe, agus gur gá aird ar leith a thabhairt mar sin;

15. á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá Córas Fógartha EASIN, go háirithe chun tuairisciú go tráthúil agus go cuimsitheach ar bhrath nua, ar bhearta díothaithe agus ar bhrath rialuithe oifigiúla; ag tathant ar na Ballstáit an córas a fheabhsú trí fhaisnéis bhreise a chur ar fáil, go háirithe sonraí dáileacháin, go háirithe le rannchuidiú na faisnéise ó iascairí;

16. á mheabhrú gné idirnáisiúnta IAS agus á mholadh go ndéanfadh AE a ghníomhaíochtaí i ndáil leis sin a threisiú trí eagraíochtaí réigiúnacha bainistithe iascaigh, i gcomhthéacs CBD agus GBF, agus á iarraidh ar AE comhroinnt eolais chomhoibríoch agus malartuithe foghlama frithpháirtí le tíortha eile a fheabhsú;

Deiseanna agus dúshláin do phobail chósta

17. á chur i bhfáth go mbíonn tionchair dhiúltacha shuaithinseacha ag IAS ar iascaigh, ar dhobharshaothrú, ar phobail chósta agus ar ghníomhaíochtaí eacnamaíocha eile; á mheas go bhfuil sé ríthábhachtach a n-iarmhairtí sóisialta, eacnamaíocha agus cultúrtha níos leithne a mheas, seachas cailliúint na bithéagsúlachta agus na héifeachtaí ar

éiceachórais, chun ionraí nua a chosc go héifeachtach agus chun bearta maolaithe rathúla a chur chun feidhme;

18. á iarraidh go bhforbrófaí feachtais aird a tharraingt chun iascairí, geallsealbhóirí san earnáil iascaireachta agus an pobal i gcoitinne a chur ar an eolas faoi thabhairt isteach, brath agus tionchair IAS agus chun iad a spreagadh;

19. á iarraidh go dtabharfaí tacaíocht airgeadais chun éiceachórais mhuirí a chosaint agus speicis íogaire a chaomhnú, chomh maith le córais faisnéise, faireacháin agus luathrabhaidh do IAS ar an leibhéal réigiúnach, náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais, i bhfianaise an tionchair dhearfa ar iascaigh agus ar chaomhnú na bithéagsúlachta araon;

20. á mheabhrú don Choimisiún go bhfeidhmíonn na réigiúin is forimeallaí mar chalafoirt shábháilte thábhachtacha do speicis mhuirí íogaire, agus go bhfuil siad an-shoghonta do IAS ag an am céanna; á iarraidh go n-aithneofaí a thábhachtaí atá na speicis íogaire sin a chosaint agus IAS a chomhrac sna réigiúin sin, agus á thabhairt chun suntais cumas na héiceathurasóireachta inbhuanaithe mar shlí chun éiceachórais mhuirí a chosaint, agus tairbhí díreacha á soláthar ag an am céanna d'earnálacha an iascaigh agus an dobharshaothraithe;

°

° °

21. ag treorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún.

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

Tugtar aghaidh sa tuarascáil seo ar na dúshláin ríthábhachtacha idirnasctha chun speicis mhuirí íogaire a chosaint, dul i ngleic leis an mbagairt mhéadaitheach ó Speicis Choimhthíocha Ionracha (IAS), agus a áirithiú go gcuirfidh na hiarrachtaí sin go dearfa le geilleagair áitiúla, go háirithe laistigh d'earnálacha an iascaigh agus an dobharshaothraithe.

Cé go dtugtar dá haire ann tiomantas seanbhunaithe an Aontais Eorpaigh do bhainistiú inbhuanaithe iascaigh agus a ról i an mbithéagsúlacht mhuirí a chaomhnú, speicis leochaileacha a chosaint, tacú le pobail chósta, agus slándáil bia a ráthú, tugtar dá haire freisin, maidir le IAS muirí, go bhfuil i bhfad níos lú sonraí ann ar a láithreacht agus a mbagairtí don Aontas agus do na Ballstáit, ansin i gcás IAS a bheith in éiceachórais eile.

Leagtar béim sa tuarascáil ar ról ríthábhachtach na speiceas íogair mar tháscairí ríthábhachtacha de shláinte éiceachórais mhuirí agus luach bunúsach comhshaoil, eacnamaíoch agus sóisialta a gcosanta. Gríostar ann ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit tús áite a thabhairt dá gcaomhnú trí chur chuige láidir bainistithe iascaigh, trí spriocanna limistéar muirí faoi chosaint a chur chun feidhme ina n-iomláine, agus trí ghnáthóga criticiúla a chosaint ar shlí threisithe.

Leagtar béim ann chomh maith ar an ngá le leas iomlán a bhaint as na huirlisí atá ar fáil faoin gComhbheartas Iascaigh (CBI), go háirithe an rialachán maidir le bearta teicniúla, chun idirghníomhaíochtaí iascaigh le speicis íogaire a mhaolú agus cuirtear chun suntais ann a thábhachtaí atá na sonraí a bhailítear faoi CBI chun measúnú go cruinn ar thionchair iascaigh agus iarrtar ann go ndéanfaí cosaint agus téarnamh íogair speiceas a chomhtháthú sna tograí dlíthiúla ábhartha uile.

Cé go n-aithnítear ann liosta reatha IAS is ábhar imní don Aontas, cuirtear in iúl ann gur oth léi nach léirítear go leor leis an liosta sin an bhagairt shuaithinseach a bhaineann le IAS ar mhuirthimpeallacht AE agus iarrtar go bhfeabhsófaí é go práinneach bunaithe ar an bhfianaise eolaíoch agus ar na measúnuithe riosca is déanaí.

Leagtar béim sa tuarascáil chomh maith ar an easnamh i gcláir faireacháin shonracha i gcás IAS muirí agus moltar inti modhanna faireacháin feabhsaithe agus comhchuibhiú táscairí ar fud AE. Moltar ann modheolaíochtaí agus luachanna socraithe tairsí a fhorbairt do réigiúin mhuirí uile na hEorpa, agus breithniú a dhéanamh ar inbhainistitheacht conairí agus ar fhorfheidhmiú éifeachtach an Choinbhinsiúin um Uisce Ballasta.

Leagtar béim bhreise sa tuarascáil ar ról méadaitheach an athraithe aeráide agus na gluaiseachta domhanda méadaithe i dtabhairt isteach agus leathadh IAS a éascú, agus mar sin a n-éifeachtaí ar speicis íogaire agus ar éiceachórais íogaire a threisiú, a mbeidh iarmhairtí díreacha aige ar ghníomhaíochtaí iascaireachta.

Ar deireadh, aithnítear ann gné idirnáisiúnta dhúshlán IAS agus tiomantas AE faoi chuimsiú an Choinbhinsiúin maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch (CBD) agus Chreat Domhanda Bithéagsúlachta Kunming-Montréal (GBF).

Dírítear sa roinn deiridh ar na Deiseanna agus ar na dúshláin ar mhaithe le pobail chósta. Cuirtear i dtábhacht ann nach amháin go ndéanann IAS dochar don bhithéagsúlacht ach go gcuireann siad isteach chomh maith ar an iascach, ar an dobharshaothrú, agus ar

ghníomhaíochtaí eacnamaíocha, sóisialta agus cultúrtha eile agus leagtar béim ann ar an ngá le tuiscint chuimsitheach ar thionchair eacnamaíocha, seirbhíse éiceachórais agus bhithéagsúlachta IAS chun ionraí nua a chosc go héifeachtach agus bearta maolaithe a chur chun feidhme.

Iarrtar ann go bhforbrófaí feachtais feasachta lena ndíreofar ar iascairí, ar an bpobal i gcoitinne agus ar gheallsealbhóirí chun feabhas a chur ar an tuiscint ar thabhairt isteach, brath agus tionchair IAS agus moltar ann tacaíocht airgeadais chun éiceachórais mhuirí agus speicis íogaire a chosaint, chomh maith le córais faisnéise, faireacháin agus luathrabhaidh réigiúnacha, náisiúnta agus Eorpacha do IAS, agus aitheantas á thabhairt dá dhá thairbhe i gcás chaomhnú na bithéagsúlachta agus an iascaigh de.

Ar deireadh, aithnítear ann leochaileacht ar leith na Réigiún is Forimeallaí do IAS agus tábhacht speiceas íogair ina dtimpeallachtaí muirí, agus iarrtar ann go n-aithneofaí a thábhachtaí atá sé aghaidh a thabhairt ar an dá shaincheist sna réigiúin sin agus go gcuirfí chun suntais acmhainneacht na héiceathurasóireachta inbhuanaithe chun caomhnú éiceachórais mhuirí a chur chun cinn le tairbhí díreacha don iascach agus don dobharshaothrú.

Mar fhocal scoir, féachtar sa tuarascáil seo le gníomhaíocht a spreagadh agus iarrtar ann ar chur chuige níos comhtháite, níos eolaíochtbhunaithe agus níos comhoibríche, lena n-aithnítear práinn agus castacht na ndúshlán idirnasctha sin.

IARSCRÍBHINN: NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR

De bhun Airteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta, dearbhaíonn an rapóirtéir go bhfuair sé ionchur ó na heintitis nó na daoine seo a leanas le linn ullmhú na dréacht-tuarascála:

Eintiteas agus/nó duine
Ana Cristina Cardoso (PhD), Scientific Officer, European Commission, Joint Research Centre, Directorate D – Sustainable Resources, Unit D.02 Ocean and Water

Is faoi fhreagracht eisiach an rapóirtéara a dhéantar an liosta thuas a tharraingt suas.

I gcás ina sainaithnítear daoine nádúrtha ar an liosta de réir ainm, feidhme nó an dá cheann, dearbhaíonn an rapóirtéir go ndearna sé Fógra Cosanta Sonraí Pharlaimint na hEorpa Uimh. 484 (https://www.europarl.europa.eu/data-protect/index.do), a chur faoi bhráid na ndaoine nádúrtha lena mbaineann, lena sainmhínítear na coinníollacha is infheidhme maidir le próiseáil a sonraí pearsanta agus na cearta a bhaineann leis an bpróiseáil sin.